



22/10/2020

Gaelscoil Thaobh na Coille

Ar Scáth a Chéile a Mhairimid



Taréis tús neamhchinnte agus imní mhór a bheith ar dhaoine faoi cé chomh sábháilte is a bheadh sé filleadh ar an scoil taréis na dianghlasála tá ríméad orainn ar fad anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille gur éirigh linn dhá mhí a chur isteach ar scoil gan aon mhór fhadhb. Tá mé féin agus foireann iomlán na scoile chomh sásta a bheith ar ais i measc na bpáistí agus caithfidh mé a rá go bhfuil atmaisféar álainn, socair, suaimhneach sa scoil agus an-obair agus foghlam ar siúl.

Tá foireann na scoile thar a bheith sásta gur ghlac an Rialtas an cinneadh gan na scoileanna a dhúnadh sa dianghlasáil atá le teacht mar tuigimid cé chomh tábhachtach is atá an scolaíocht do na páistí. Ach muna dtagann feabhas ar chúrsaí agus má théann rudaí chun donais d'fhéadfadh an Rialtas an cinneadh a ghlacadh na scoileanna a dhúnadh amach anseo. Iarraimid ar gach duine a chinntiú anois go gcoinnítear na scoileanna ar oscailt tré cloí go docht daingean le srianta na dianghlasála.

Ní fiú dúinne a bheith ag coinneáil na páistí amach óna chéile ina mbolgáin ranga má tá siad a casadh le chéile lasmuigh den scoil. Iarraimid go speisialta ar na tuismitheoirí a bhíonn ag fágáil páistí ar scoil ar maidin agus á mbailiú arís um thráthnóna fadú sóisialta a choiméad agus mascanna a chaitheamh i gcónaí ag na hamannta seo. Táimid ar fad taréis dearmad a dhéanamh ar cad is 2 mhéadar nó fiú méadar ann. Bímis cinnte go bhfanaimid achar slán sábháilte óna chéile i gcónaí – níor cheart do chlannta a bheith ag meascadh le chéile lasmuigh de gheataí na scoile. Mholfainn freisin go bhféadfadh na páistí na clúdaigh aghaidh orthu go mbíonn siad istigh sa charr nó go sroicheann siad an baile má tá siad ag siúl. Tá siad i dtaithe ar iad a chaitheamh anois agus is cosaint bhreise í seo dóibh féin agus do gach duine sa bhaile.

Tá riochtaí sláinte bunúsacha ag roinnt múinteoirí agus tuismitheoirí de chuid na scoile nó tá baill teaghlaigh acu a bhfuil a sláinte i mbaol ó Covid-19. Tá an bhagairt a bhaineann le leibhéil ionfhabhtaithe ag ardú i bpobail ag cruthú imní agus buairt i measc pobal na scoile. Seasaimís le chéile agus déanaimís ár ndícheall ar son a chéile.

After an uncertain start and a great deal of anxiety about how safe it would be to return to school after the lockdown, we are all delighted here at Gaelscoil Thaobh na Coille that we managed to remain open over the last two months without any major problems. I and the entire school staff are delighted to be back with the children and I have to say that there is a lovely, calm and relaxed atmosphere in the school with lots of work and learning going on.

As a staff we are delighted that the Government has taken the decision not to close the schools in the forthcoming lockdown as we understand how important school & education is for the children. The closure of schools was the last thing any of the teachers wanted. However, if the current situation does not improve significantly the Government may decide to close the schools in the future. We now call on everyone to ensure that schools are kept open by strictly adhering to the restrictions being imposed in this lockdown.

There is no point in us keeping the children apart in their class bubbles if they're mixing and socialising outside of school. We especially ask parents who drop off children at school in the morning and collect them again in the evening to maintain social distancing and to always wear masks at these times. We have all forgotten what 2 meters or even 1 meter is - social distancing is key to suppressing the spread of covid-19. Please ensure that you maintain a safe distance from each other – different families should not be mixing outside the school gate. I would also recommend that the children leave the face masks on until they are inside the car or reach home if they are walking. They are now accustomed to wearing them and it is an added protection for them and everyone else in the home.

Some teachers and parents in the school have underlying health conditions or have family members whose health is at risk from Covid-19. The threat associated with rising levels of infection in communities is leading to apprehension and anxiety among some members of our school community. Lets stand together and do our best for each other.

Is mise le meas 

Lá na nGeansaithe 2020

Buíochas le gach duine a thacaigh le **Lá na nGeansaithe** Dé hAoine 9 Deireadh Fómhair. Bailíodh **€979.50** do Goal ar an lá.

Cuideoidh an t-argead seo leis an troid i gcoinne COVID-19 ar son 14 mhilliún duine sna tíortha seo a leanas: An Aetóip, Háítí, Hondúras, An Iaráic, An Mhaláiv, An Nígir, Siarra Leon, An tSiombáib, Siria, An tSúdáin, tSúdáin Theas, An Tuirc agus Uganda. Beidh GOAL ábalta tacú leo freisin trí shábháilteacht bhia, idirghabháil shlí bheatha agus trí bhéim a chur ar oideachas sláinte freisin.




GOAL Jersey Day 2020

Thanks to everyone who supported **Goal Jersey Day** on Friday 9th of October. **€979.50** was raised for Goal on the day.

The money collected during Jersey Day will go towards the fight against COVID-19 in 13 countries - Ethiopia, Haiti, Honduras, Iraq, Malawi, Niger, Sierra Leone, South Sudan, Sudan, Syria, Turkey, Uganda and Zimbabwe - reaching more than 14 million people with lifesaving support. GOAL will continue with their humanitarian aid by providing households with food security, livelihood interventions & providing health education.

Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigéide ar an Aoine seo 23 Deireadh Fómhair mar is gnáth linn a dhéanamh. Iarraimid go gcoinnítear an gléasadh deas simplí agus nach mbeidh propaí mar chuid den feisteas!



Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Friday the 23rd October as has been the practice in the school every year until now. We ask however that costumes are kept nice and simple with no props!

Briseadh Meántearma

Beidh an scoil dúnta ón Luan 26 Deireadh Fómhair go Aoine Deireadh Fómhair. Déan cinnte le bhúr dtoil nach bhfuil na páistí ag meascadh nó ag súgradh le páistí eile lasmuigh den teaghlach i rith an bhriseadh agus go gcloítear le rialacha leibhéal 5 Ag Maireachtáil le Covid



Mid-term Break

The School will be closed for the mid-term break from Monday 26 October to Friday 30 October. Please ensure that the children are not mixing or playing with children outside the family during the break and adhere to the guidelines as laid out in Living with Covid - Level 5.

Cruinnithe Tuistí Múinteoirí

Eagraítear cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí gach bliain i mí na Samhna. Beidh na cruinnithe á reachtáil go fíorúil i mbliana ar Zúm. Beidh coinne 10 nóiméad ag gach dalta sa scoil. Tá na mionshocruithe fós le déanamh againn ach cuirfimid na sonraí maidir le dátaí, clár ama srl amach chugaibh i ndiaidh na Samhna le nasc chuig clár sceidealú coinne le gur féidir libh coinne a dhéanamh do bhúr bpáistí.



Parent Teacher Meetings

Parent/Teacher meetings are held in the school every year at the end of November. This year we will hold virtual parent teacher meetings via Zoom. Each pupil in the school will be allocated the usual 10 minute slot. We have to finalise all the details but we will inform you of the date, times etc. after Halloween break and a link to the scheduling programme will be sent out so that you can sign-up for meetings for your children.

Naíonáin Shóisearacha 2021/2022

Más spéis leat go dtosódh do pháiste i rang na naíonáin shóisearacha i nGaelscoil Thaobh na Coille sa scoilbhliain 2021/2022 is gá 'Foirm Iarratais ar Iontráil' a líonadh anois agus í a sheoladh ar ais chun na scoile roimh 06/11/2020.

Junior Infants 2021/2022

If you wish your child to start in junior infants in Gaelscoil Thaobh na Coille in the 2021/2022 school year you need to complete an 'Application Form for Admission for the 2021/2022 School Year' and return it to the school before 06/11/2020.

Sábháilteacht Bóthar Road Safety

Tá sé iontach an oiread sin páistí a fheiscint ag siúl agus ag rothaíocht ar scoil. Chuireamar síneadh le seoltán na rothar i rith na bliana anuraidh agus mhéadaíomar spás páirceála na rothar faoi dhó agus bíonn sé beagnach lán gach lá!

Tá sé an-thábhachtach go mbeadh rialacha an bhóthair ar eolas ag na páistí ar fad agus go gcleachtaíonn siad iad. Tá sé luaite ag cúpla tuismitheoir liom go bhfuil páistí tar éis siúl nó rothaíocht díreach amach os a gcomhair gan féachaint an raibh trácht ag teacht nó nach raibh.

Ar mhiste le gach duine rialacha an bhóthair a mheabhú do na páistí thar an bhriseadh meán téarma. Tá sé fíor-thábhachtach é seo a dhéanamh go speisialta agus maidineacha dhorcha an gheimhridh os ár gcomhair.



It's great to see so many children walking and cycling to school. Last year we extended the bicycle shelter & doubled the bicycle parking capacity and almost every space is full most days!

It is extremely important that all the children know and abide by the rules of the road. A couple of parents have mentioned to me that children have walked or cycled straight out in front of them without checking to see if traffic was coming or not.

Please remind the children of the rules of the road over the mid-term break. It is really important to do this especially with dark winter mornings ahead of us.

Míle Buíochas



Míle buíochas le Coiste na dTuistí & na tuistí ar fad a chabhraigh leo leis an gcóras turlingthe ar maidin. *Míle buíochas to Coiste na dTuistí and all the parents who have helped out with the drop and go zone in the mornings. Táimid an-bhuíoch as bhúr gcuid oibre.*

The Safe Cross Code

Remember, 1, look for a safe place
2, don't hurry, stop and wait,
3, look all around and listen before you cross the road,
remember, 4, let all the traffic pass you
5, then walking straight across you
6, keep watching,
that's the **Safe Cross Code!!!!**



Trasrian Coisithe Zebra Crossing

Tá sé i gceist ag Comhairle Condae Dhún Laoghaire Rath an Dún oibreacha sábháilteacht bóthar do choisithe a chur i gcrích i rith an bhriseadh meántearma. Tá sé i gceist acu 3 thrasrian coisithe a chur isteach ar na bóithre timpeall ar an scoil.

Tá siad le trasrian cheart a chur isteach san áit thrasnaithe atá ann faoi láthair idir gheata isteach agus gheata amach na scoile s'againne, ceann eile ag an gcúinne idir muid féin agus ETNS na Céime san áit go mbíonn an fear lollipop agus ceann eile gar do thosach Ghleanntán Beallairmín (os comhair bealach isteach ETNS na Céime).



Dún Laoghaire Rathdown County Council intends to carry out road safety works during the medium term break. They intend to install 3 zebra crossings on the roads in the vicinity of the school.

A zebra crossing will replace the existing crossing point between the entrance gate & the exit gate of our school, another crossing will be put at the junction between ourselves and Stepside ETNS where the lollipop man stands and another one further up Belarmine Vale (in front of Stepside ETNS' main entrance gate).

Naíonáin Shóisearacha

Tá na naíonáin shóisearacha socraithe síos go maith ar scoil cheana féin agus iad ag baint taitneamh as imeachtaí éagsúla ranga lena gcuid múinteoirí An Múinteoir Clóna Seoighe, An Múinteoir Niamh Ní Dhúill & An Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh.

Our junior infants have settled in really well and are enjoying the many different experiences that are part and parcel of school life with their múinteoirí, An Múinteoir Clóna Seoighe, An Múinteoir Niamh Ní Dhúill & An Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh.



N1B Ag cur crann péine leis an airíoch Colm



N1A Ealaíon na Samhna



N1C Siúlóid Dúlra

